Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0092(COD)**

**7808/22**
**ADD 4**

**CONSOM 78**
**MI 246**
**COMPET 203**
**ENER 118**
**ENV 313**
**SUSTDEV 75**
**DIGIT 73**
**CODEC 421**
**IA 36**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 86 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad dar teideal Togradh le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 86 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 86 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.3.2022
SWD(2022) 86 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad dar teideal*

**Togradh le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr**

{COM(2022) 143 final} - {SEC(2022) 166 final} - {SWD(2022) 85 final}

GA GA

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

Measúnú Tionchair ar an togra chun tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú chuig an ngeilleagar glas

**A. An gá le gníomhaíocht**

**Cad í an fhadhb agus cén fáth gur fadhb ar leibhéal an Aontais Eorpaigh í?**

Léiríonn an measúnú tionchair seo:

- nach mbíonn **faisnéis iontaofa** ag tomhaltóirí maidir le hinbhuanaitheacht na dtáirgí (saintréithe comhshaoil, saolré, indeisitheacht)
- go bhfulaingíonn siad **cleachtais mhíthreoracha tráchtála** (dífheidhmeacht luath na dtáirgí, glas-snasú ó eagraíochtaí, easpa trédhearcachta agus inchreidteachta sna lipéid inbhuanaitheachta agus sna huirlisí faisnéise digiteacha).

Tá an méid sin bunoscionn le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, mar atá, aistriú a eagrú chuig geilleagar agus sochaí a bheidh níos inbhuanaithe, ar a dtugtar 'an t-aistriú glas'.

Bíonn na tomhaltóirí agus na cuideachtaí a thairgeann táirgí fíor-inbhuanaithe araon thíos leis na fadhbanna sin:

- **na tomhaltóirí** toisc go gcuirtear iad ag déanamh roghanna nach iad is fearr, go laghdaítear an mhuinín atá acu as an bhfaisnéis faoin gcomhshaol atá ar fáil faoi láthair, agus go gcuirtear cosc orthu páirt ghníomhach a ghlacadh san aistriú glas.
- **na cuideachtaí**, i gcomparáid le cuideachtaí eile nach dtairgeann a leithéid de tháirgí. Ina theannta sin, beidh roinnt cuideachtaí i mbaol costas comhlíontachta arda nach bhfuil gá leo a íoc má thosaíonn Ballstáit ag tabhairt a réitigh náisiúnta éagsúla féin isteach ar na fadhbanna a luaitear thuas.

Ar deireadh, níltear ag tabhairt aghaidh mar is gá ar thionchair na roghanna tomhaltais neamh-inbhuanaithe ar an gcomhshaol faoi láthair. Sainaithnítear dhá phríomhchúis sa mheasúnú:

1. **teip mhargaidh** toisc nach leor na dreasachtaí eacnamaíocha atá ag cuideachtaí chun níos mó faisnéise a sholáthar maidir le hinbhuanaitheacht na dtáirgí ná chun deireadh a chur leis na cleachtais a sainaithníodh
2. **rialacha Aontais** nár oiriúnaíodh go leormhaith, rud a fhágann gur deacair do na húdaráis náisiúnta aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na fadhbanna a shainaithníonn siad.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is éard is aidhm don tionscnamh seo:

1. feidhmiú rianúil mhargadh aonair an Aontais a áirithiú ar mhaithe leis na tomhaltóirí agus na trádálaithe araon
2. ról an tomhaltais chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach agus chun an comhshaol a chosaint a chur chun cinn.

Ó thaobh an éilimh de, ba cheart don tionscnamh míbhuntáiste na dtomhaltóirí a laghdú, iontaoibh na dtomhaltóirí a mhéadú agus na tomhaltóirí a chumhachtú chun páirt ghníomhach a ghlacadh san aistriú glas. Ó thaobh an tsoláthair de, is é is aidhm dó cothrom na Féinne a áirithiú mar aon leis an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh cuideachtaí.

Is éard is aidhm do na cuspóirí sonracha:

1. a chur ar a gcumas do na tomhaltóirí cinntí ceannaithe feasacha a dhéanamh (rud a chuirfidh an tomhaltas inbhuanaithe chun cinn),
2. deireadh a chur le cleachtais a chuireann tomhaltóirí ar míthreoir ó roghanna tomhaltais inbhuanaithe
3. cur i bhfeidhm níos fearr agus níos comhsheasmhaí a áirithiú le haghaidh rialacha an Aontais.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ceist na coimhdeachta)?**

Tagann cosaint na dtomhaltóirí faoi raon feidhme atá roinnte idir rialtais an Aontais agus an tAontas (‘inniúlacht roinnte’), rud a fhágann go bhfuil sé de chumhacht ag an Aontas gníomhú más gá.

Is é is aidhm don tionscnamh aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna atá forleathan agus arb ionann a gcúiseanna ar fud an Aontais. Ós rud é go bhfuil reachtaíocht shonrach á forbairt ag Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, laghdódh gníomhaíocht uile-Aontais tríd an tionscnamh seo an ilroinnt dhlíthiúil sa mhargadh aonair agus a hiarmhairtí sin i dtéarmaí bacainní ar an trádáil trasteorann agus leibhéil éagothroma de chosaint na dtomhaltóirí.

Ar deireadh, ní chuireann teorainneacha náisiúnta stop leis an athrú aeráide ná le díghrádú an chomhshaoil: féadfaidh an tomhaltas neamh-inbhuanaithe i dtír amháin difear a dhéanamh do thíortha eile. Mar sin, d’fhéadfaí dul i ngleic leis seo ar bhealach a bheadh níos éifeachtaí le haghaidh an Aontais trí chéile trí ghníomhaíocht chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?**

Sainaithnítear sa mheasúnú roinnt roghanna tosaíochta beartais lena n-áiritheofaí go mbeidh an tionscnamh seo comhsheasmhach le tionscnaimh eile atá á n-ullmhú faoi láthair (tionscnamh na ‘Maíomh Comhshaol’ agus tionscnamh na ‘dTáirgí Inbhuanaithe’).

Is roghanna neamhspleácha na roghanna tosaíochta seo a leanas agus i roinnt cásanna déanann siad foráil maidir le rialacha ginearálta a ndéanfaidh an dá thionscnamh eile comhlánú úsáideach orthu:

1. Faisnéis a sholáthar faoi ráthaíocht tráchtála an táirgeora i leith marthanachta a bheith ann (nó gan a bheith ann) agus faoin tréimhse lena soláthraítear nuashonruithe bogearraí saor in aisce;
2. Scór indeisitheachta, nó faisnéis ábhartha eile faoin deisiúchán, a sholáthar, i gcás inarb infheidhme nó ina mbeadh a leithéid ar fáil;
3. Cleachtais áirithe a bhaineann leis an dífheidhmeacht luath a thoirmeasc
4. Rialacha a sholáthar chun cothroime na maíomh comhshaoil a áirithiú, i measc nithe eile trí chleachtais glas-snasaithe áirithe a thoirmeasc,
5. Rialacha a sholáthar chun trédhearcacht agus inchreidteacht na lipéad inbhuanaitheachta agus na n-uirlisí faisnéise inbhuanaitheachta a áirithiú.

*Conas?*

- Cuirfear Roghanna 1 agus 2 i gcrích trí leasuithe spriocdhírithe ar an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí (Treoir 2011/83/AE).
- Cuirfear Roghanna 3, 4 agus 5 i gcrích trí leasuithe spriocdhírithe ar an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha (Treoir 2005/29/CE)

*Cé na táirgí?*

- I gcás Rogha 1, na hearraí uile, ach amháin maidir le nuashonruithe bogearraí, rud nach mbaineann ach le hearraí áirithe. Thairis sin, rinneadh cinneadh gur cheart do thrádálaithe faisnéis a sholáthar faoi easnamh ráthaíocht an táirgeora i leith marthanachta i gcás na n-earraí sin amháin a úsáideann fuinneamh. .
- I gcás Rogha 2, níor sainíodh raon feidhme ó thaobh táirgí de (beidh feidhm ag an mbeart i gcás ar bith ina gceanglaítear an fhaisnéis atá i gceist a chur ar fáil faoin dlí is infheidhme).
- Ar an dóigh chéanna, i gcásanna Roghanna 3, 4 agus 5, níor sainíodh raon feidhme ó thaobh táirgí de, nó beidh feidhm ag na bearta seo i leith cleachtais tráchtála áirithe, gan beann ar an táirge a bhíonn i gceist.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Tacaíonn na **comhlachais tomhaltóirí**, go ginearálta, leis na roghanna tosaíochta beartais. I gcásanna roghanna 1, 3 agus 4, b'fhearr leo bearta níos uaillmhianaí ná mar atáthar á moladh.

Measann na **comhlachais ghnó** gur roghanna éifeachtacha iad roghanna 1 agus 4 ach tarraingíonn siad aird freisin ar na costais mheasartha a ghinfidís. Cuireann siad i gcoinne rogha 3, go measartha, toisc na gcostas ard a fheictear a bheith ag gabháil léi. Is iadsan, áfach, an páirtí leasmhar is mó a mheasann gur rogha éifeachtach í rogha 5.

Tacaíonn na **húdaráis náisiúnta**, go ginearálta, leis na roghanna tosaíochta éagsúla, agus le roghanna 3, 4 agus 5 go háirithe, toisc go n-éascódh na roghanna sin an obair forfheidhmithe atá orthu.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

### Cad iad buntáistí na roghanna tosaíochta?

**Tomhaltóirí** – ar an iomlán bhainfidís tairbhe shuntasach astu.

Bheidís in inmhe **cinntí níos fearr a dhéanamh** de bharr an mhéid seo a leanas:

- fáil níos fearr ag an bpointe díola ar fhaisnéis a bheidh níos iontaofa maidir le ráthaíocht tráchtála an táirgeora i leith marthanacht a bheith ann agus lena tréimhse bhailíochta agus maidir leis an tréimhse lena soláthraítear nuashonruithe bogearraí saor in aisce
- scór indeisitheachta, nó faisnéis ábhartha eile faoin deisiúchán, a bheith ar fáil.
- gníomhaíocht chun dul i ngleic leis an nglas-snasú, leis an dífheidhmeacht luath agus le húsáid lipéad inbhuanaitheachta agus uirlisí faisnéise digiteacha nach bhfuil trédhearcach ná inchreidte.

**Chosnófaí a gcearta** níos fearr freisin:

- b'fhusa leo a fheiceáil cé na táirgí a bhfuil ráthaíocht tráchtála bhreisithe ón táirgeoir i leith marthanachta ag gabháil leo agus na táirgí sin a roghnú dá n-oirfeadh a leithéid dá riachtanais.
- b'annaimhe a chuirfeadh maímh bhréige chomhshaoil nó lipéid inbhuanaitheachta agus uirlisí faisnéise digiteacha neamh-iontaofa/neamh-thrédhearcacha ar míthreoir iad.
- ní theipfeadh ar na táirgí a cheannaíonn siad níos luaithe ná mar a bheadh an custaiméir ag súil leis.

**An comhshaol**

Ba dhócha go roghnódh tomhaltóirí táirgí inbhuanaithe (táirgí ar lú an tionchar atá ag a bpróisis táirgthe ar an gcomhshaol, agus a mbeifí ag súil leis go mairfidís níos faide agus go ndeiseofaí iad níos minice ná mar a dhéantar faoi láthair).

**An gnó**

Is lú an líon bacainní a d'fhéadfadh a bheith roimh an trádáil trasteorann de dheasca bearta aontaobhacha arna gcur i bhfeidhm ag Ballstáit faoi leith. Bheadh cothrom na Féinne ann de thoradh roghanna 3, 4 agus 5, go háirithe, nó is é is aidhm dóibh deireadh a chur le cleachtais éagóracha a n-úsáideann roinnt oibreoirí margaidh iad.

### Cad iad costais na roghanna tosaíochta?

Beidh costais bhreise ar ghnólachtaí mar gheall ar fhaisnéis a sholáthar faoi ráthaíochtaí tráchtála i leith marthanachta, faoi nuashonruithe bogearraí saor in aisce agus faoi dheisiúcháin.

Ba cheart, mar sin féin, go mbeadh na costais sin teoranta agus, fiú más dócha go gcuirfear ar aghaidh ar na tomhaltóirí iad, ní mheastar go n-imreoidh siad tionchar diúltach ar an éileamh, go háirithe toisc go mbeidh na tomhaltóirí i bhfad níos sásta íoc as táirgí a mhaireann níos faide nó táirgí is fusa a dheisiú.

Beidh costais bhreise i gceist chomh maith agus aghaidh á tabhairt ar an nglas-snasú agus ar an dífheidhmeacht

luath freisin, ach is ar na cuideachtaí den chuid is mó a théann i mbun na gcleachtas siúd faoi láthair a thitfidh na costais sin. Na gnólachtaí nach ndéanann siúd, bainfidh siad tairbhe as cothrom na Féinne, nó cuirfear deireadh le droch-chleachtais sa réimse sin.

Má sholáthraítear rialacha chun trédhearcacht agus inchreidteacht na lipéad inbhuanaitheachta agus na n-uirlisí faisnéise inbhuanaitheachta a áirithiú, beidh costais bhreise ar na heagraíochtaí atá ina mbun. Is dócha go gcuirfear na costais sin ar aghaidh ar na gnólachtaí a chuireann isteach ar na lipéid sin, ach is féidir freisin go gcinnfidh siadsan níos lú lipéad a iarraidh as sin amach.

Beidh costais ar na húdaráis náisiúnta maidir leis na hoibleagáidí nua a fhorfheidhmiú. Tá sé curtha in iúl freisin, áfach, go bhféadfaidh go mbeidh coigiltis i ndán dóibh as rialacha níos soiléire a bheith ann faoin nglas-snasú agus faoin dífheidhmeacht luath, ag féachaint do na deacrachtaí agus na hacmhainní atá i gceist le forfheidhmiú na rialacha atá ann faoi láthair.

Tá sé le tabhairt faoi deara freisin gur ceart go nginfidh na roghanna éagsúla barainneachtaí scála ó thaobh costais forfheidhmithe agus costais ar ghnólachtaí de (e.g. na costais a bhaineann le dul i dtaithí ar na bearta nua agus le hiniúchtaí inmheánacha).

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

I gcomhréir le dlí cosanta tomhaltóirí an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, ní fhoráiltear maidir le díolúintí le haghaidh fiontair bheaga nó mheánacha ná le haghaidh micrifhiontar, toisc go mbeadh a leithéid in aghaidh na críche ginearálta atá ag rialacha cosanta na dtomhaltóirí. Bheadh sé in aghaidh leasanna FBManna freisin, nó ba lú an leibhéal cosanta a bheadh ag na tomhaltóirí agus, dá réir sin, ba lú an iontaoibh a chuirfidís in FBManna agus iad ag ceannach uathu.

Dá bhrí sin, bheadh na costais a luaitear thuas ar FBManna. Mar sin féin, bhainfidís tairbhe freisin as cleachtais níos cothroime sa mhargadh, rud a mbeadh cothrom na Féinne mar thoradh air, agus as laghdú ar na bacainní roimh an trádáil trasteorann, rud a sheachnódh meascán mearaí de reachtaíocht éagsúil ar fud an Aontais dá mbeadh réitigh éagsúla á gcur i bhfeidhm ag tíortha éagsúla.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh costais bhreise as forfheidhmiú na rialacha nua ar na húdaráis náisiúnta, cé gur féidir go dtiocfadh coigiltis as roghanna 4 agus 5, agus go mbeidh barainneachtaí scála áirithe i gceist má chomhcheanglaítear na roghanna tosaíochta.

Braitheann na roghanna tosaíochta freisin ar na feabhais is toradh ar athruithe reachtacha a rinneadh le déanaí maidir leis an bhforfheidhmiú.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Níor sainaithníodh aon tionchar suntasach eile, tionchair ar thíortha lasmuigh den Aontas san áireamh.

Rinneadh measúnú ar na roghanna freisin maidir lena gcomhsheasmhacht le reachtaíocht eile agus le tionscnaimh ghaolmhara atá á n-ullamh, agus cuireadh an ghné seo san áireamh go cúramach agus na roghanna tosaíochta á roghnú. Ceapadh na roghanna tosaíochta uile chun an reachtaíocht atá ann faoi láthair a chomhlánú agus chun an forfheidhmiú a éascú.

**Comhréireacht?**

Mar a luaitear thuas, sainaithníodh roinnt roghanna tosaíochta beartais lena n-áiritheofar go mbeidh an tionscnamh seo comhsheasmhach leis na tionscnaimh maidir le maímh ghlasa agus le táirgí inbhuanaithe atá á n-ullmhú faoi

| |
|---|
| láthair.<br><br>Meastar gur comhréireach na roghanna tosaíochta i bhfianaise an dochair atá ann faoi láthair do thomhaltóirí, na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo ó thaobh leas na dtomhaltóirí de, na gcostas a bheidh ar ghnólachtaí agus ar riaracháin, agus na tionchair dhearfacha a mheastar a imreofar ar an tsochaí trí astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus trí thionchair chomhshaoil eile.<br><br>Na roghanna a ghinfeadh costais an-ard ar ghnólachtaí, níor roghnaíodh iad nó cuireadh as an áireamh go luath sa phróiseas iad. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Sa bhreis ar an bhfaireachán tráthrialta, tá sé i gceist againn tuairisciú ar fheidhmiú an tionscnaimh 3 bliana tar éis dó a bheith curtha chun feidhme. |